



Comhrialtas Comhionannais

Forógra ar Fhilleadh Ceartbhunaithe na Comhroinnte Cumhachta

Tuiscint nach bhfuil na feidhmeannais chomhroinnte cumhachta déabhlóidithe nó na hinstitiúidí tionóil atá leagtha síos faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta ag feidhmiú i dTuaisceart na hÉireann le breis agus dhá bhliain;

Tuiscint gur iomaí coimítmint cheangailteach de na comhaontaithe, go háirithe siúd a bhaineann le cearta, a chuimsíonn comhréiteach na síochána nach bhfuil curtha i bhfeidhm, nó atá curtha i bhfeidhm go mícheart.

Tuiscint go raibh na coimítmintí féin mar chosaint ar fheidhmeannach Tuaisceart na hÉireann chun bac a chur roimh mhí-úsáid cumhachta, chinnteoireacht leithchealacha agus easnamh na gceart.

Tuiscint nach fiú institiúidí a athbhunú ar an ábhar go dteipfidh orthu seasamh lena ngealltanas, agus go dtitfidh siad arís de bharr na cúiseanna céanna.

Ag dúil le go bhfeicfear athbhunú na comhroinnte cumhachta de réir théarmaí CAC 1998 ar bhonn inbhuanaithe, a fhreastlaíonn ar gach cónaitheoir sa Tuaisceart, ina n-éagsúlachtaí uilig, ags go ndéanfar seo ar bhonn measa agus comhionannais.

Tuiscint go bhfuil feidhmiú na socruithe atá bunaithe ar chearta i gcomhaontuithe atá ann cheana féin, go leor dóibh siúd atá ina n-oibleagáidí idirnáisiúnta, nó ina n-oibleagáidí intíre dlíthiúla, ní hamháin de dhíth, ach go

bhfuil siad cinniúnach i soláthar na cosanta chun titim eile a sheachaint.

Éilíonn Comhrialtas an Chomhionannais, atá comh-thionólta ag UNISON agus CAJ, atá déanta de neart eagraíochtaí sibhialta pobail ó aicmí difriúla comhionannais agus ceardchumann, filladh ar chomhroinntí cumhachta atá bunaithe ar chearta, go háirithe leis an cheithre ghné seo a leanas:

1. Feidhmiú iomlán na socruithe cearta den chomhréiteach síochána

*Iarann an Comhrialtas feidhmiú na coimítmintí atá bunaithe ar chearta ceangailteacha reatha a rinneadh le linn chomhaontuithe comhréiteach na síochána, **San Áireamh***

- Reachtaíocht a rith le haghaidh Bhille na gCearta TÉ, mar atá curtha ar fáil i gCAC, cosaint d'easnamh na gcearta mar thoradh ar an BHREATIMEACHT san áireamh;
- Glacadh le straitéis i gcoinne an bhochtanais de réir mar is gá (Cill Rímhinn);
- Reachtaíocht a rith le haghaidh Acht Gaeilge, (de réir Chill Rímhinn);
- Céimeanna chun rannphairtíocht iomlán, chothrom pholaitiúil na mban a chinntiú (CAC);
- Feidhmiú iomlán na n-údaras áitiúil de 'roinn 75' den dualgas comhionannais, forfheidhmiú dian de theipeanna chun cloígh leis an Coimisiún Comhionannais san áireamh.
- Iarratas cuí den 'Achainí ar bhonn Ábhar Buartha', mar a bhí beartaithe i gCAAC mar chosaint ar chearta mionlathe atá comhdhéanta de chomhionannas agus d'iniúchadh na gcearta daonna;
- Feidhmiú iomlán d'athchóirithe Parren i dtaobh póilíneachta, le cuntasacht agus maoirseacht do ghníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí, feidhm na n-inimircí san áireamh;
- Feidhmiú iomlán dhualgais CAC ar aontú de rogha idir saoránacht Shasanach, nó Éireannach, agus comhionannas ó thaobh seo, beag beann ar an rogha.
- Coimítmint iomlán chun Choinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna a chur san áireamh, agus gan lagú nó aisghairm a dhéanamh ar Acht um Chearta an Duine 1998;

Tá muid fosta ar son chomhaontú déthaobhach úr, chun na crosa polaitiúla laistigh de Fheidhmeannach TÉ a bhaint, go príomha iad siúd nach bhfuil bunaithe ar - agus a bhí mar chúis aighnis le - d(h)ualgais chomhionannais agus chearta.

2. Cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí idirnáisiúna, agus dul i ngleic le ‘heasnamh na gceart’

- Tabhairt faoi deara go gcuireann paragraf 33, Cuid 1, de CAC dualgais ar rialtas Westminster reachtaíocht a rith de réir mar is gá ar oibleagáidí idirnáisiúnta um chearta daonna, iarraimid:
- Comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi CDLAM, comhlíonadh rialú 2018 de Choiste AE CDLAM san áireamh, ar chearta sliochtmhara na mban;
- Cur i bhfeidhm iomlán chaighdeán na gceart ar chearta LADT, ag cinntiú (mar atá thuasluaite) nach féidir crosa a úsáid chun bac a chur le reachtaíocht ar son chomhionannas pósta;
- Comhlíonadh dhualgais CECD Airteagal 2 agus 3 ar dhéileáil le hoidhreacht stairiúil na tíre, comhlíonadh Chomhaontú Theach an Anfa ar mhodh déanta gearán na gceart daonna san áireamh, eiseadh airgid d’Ionad Ionchoisne Oidhreachta, agus bearta éifeachtacha ar Mhí-úsáid Institiúideach Stairiúil.
- Má tharlaíonn an Breatimeacht, cur i bhfeidhm na coimintintí atá bunaithe ar chearta i bparagraif 42, 52, 53 de Chomhthuirisc AE-RA, neamh-maolú na gceart san áireamh;
- Comhlíonadh Choinbhinsiún NA ar Chearta an Linbh, machnamh ar vótaí ag 16 agus athbhreithniú ar aois fhreagrachta coirpigh, reachtaíocht in aghaidh leithcheala agus reachtaíocht inniúlacht mheabhrach;
- Comhlíonadh Choinbhinsiún NA ar chearta an Duine le Míchumas, ciorruithe slándála sóisialta agus próisis san áireamh;
- Comhlíonadh Choinbhinsiún Idirnáisiúnta NA maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chiníoch a Dhíothú, cosaint in aghaidh phróifiliú ciníoch agus éirí as bearta a chruthaíonn ‘timpeallacht naimhdeach’ i dTÉ;
- Comhlíonadh chaighdeán chearta daonna ar chearta tithíochta, dul i ngleic le neamhionannais i dTuaisceart Bhéal Feirste, do thaistealaithe na hÉireann, agus in áiteanna eile san áireamh,
- Comhlíonadh mholtaí NA agus Comhairle na hEorpa chun dul i ngleic le léirithe fuatha agus gríosú ar fhuath ar bhunús cosanta, sainmhíniú ceart an tseicteachais agus comhoiriúnacht na ‘ndea-chaidrimh’ le caighdeán idirnáisiúnta;
- Reachtaíocht a rith le haghaidh reachtaíochta comhionannais aonair.

3. Ag cinntiú go bhfuil cumhacht ‘ag feidhmiú de réir na rialacha’

Cuirimid ar gach roinn agus údaraís phoiblí eile cinntiú go gcomhlíonfar na rialacha ceartbhunaithe reatha, beag beann ar cé atá mar Aire, ina measc:

- Níor ceart gníomhaíocht a dhéanamh ar iarratais Aire a sháraíonn cearta ar bhonn cosanta, nó a chuireann le leithcheal, trí chinntí míchothroma ar sholáthar mhaoinithe poiblí;
- Ní mór cinntiú go ndáilfear airgead poiblí agus acmhainní eile ar bhonn ghá oibiachtúil, neamh-leithcheal agus phróis chúí
- Ní mór cinntiú go bhfeidhmíonn dualgais na n-údarás reachtúla agus Measúnacht Tionchair Riachtanais Tuaithe go hiomlán agus go cuí
- Caithfear aithniú go gcuireann oibligéidí a bhaineann le conarthaí chearta daonna an creatlach dlíthiúil ceangailteach ar údaraís áitiúla, agus go gcaithfear bheith ag obair leo;
- Is gá go gcomhlíonfar Cód na nAirí, coinneáil na dtaifead, dhualgais Shaoráil Faisnéise, agus coimintintí phlean gnímh Oscailteacht Rialtais sainiúil-TÉ a dhíríonn ar thrédhearcacht fheabhsaithe, chuntasacht agus rannpháirtíocht an tsaoránaigh.

Comhrialtas Comhionannais, c/o CAJ, 1ú Urlár, Teach Pobail, Páirc Ghnó Citylink, 6A Sráid Ailbhe, Béal Feirste, BT12 4HQ

Ar líne: www.equalitycoalition.net

Guthán: 028 9031 6000

Ríomhphost: equalitycoalition@caj.org.uk

Twitter: [@EqualityCoal](https://twitter.com/EqualityCoal)

